



Gaeilge mar Thairseach

– an tslí a bhfuil Cuir Fáilte roimh Theangacha faoi bhláth i nGaelscoil de hÍde

Tá foghlaim teangacha iasachta faoi bhláth i nGaelscoil de hÍde, áit a bhfuil bunús láidir i nGaeilge ina thúsphointe do na páistí le hiniúchadh a dhéanamh ar theangacha nua go muiníneach agus lán fiosracha.

Mar chuid de *Sheachtain na Gaeilge*, thug ionadaithe ó *TIBÉ/Languages Connect* cuairt ar an scoil i gCo. Ros Comáin, ceann de na Gaelscoileanna ina bhfuil Cuir Fáilte Roimh Theangacha/CFRT i bhfeidhm. Chonaic siad an tslí a ndéantar saibhriú ar an nGaeilge agus ar nuatheangacha iasachta araon, sa chur chuige comhtháite dírithe ar pháistí.

Sa scoil seo, déanann páistí nasc idir teangacha, rud a neartaíonn litearthacht, feacht ar mheititheangeolaíocht, agus tuiscint chultúrtha. Léirigh na múinteoirí an tslí a gcuireann Gaeilge agus nuatheangacha iasachta lena chéile agus an tslí a neartaíonn siad a chéile ar fud an churaclaim.

Roinneann *TIBÉ/Languages*

Connect na príomhléargais a fuair siad ón gcúairt ar Ghaelscoil de hÍde. Labhair siad leis an múinteoir Amy Coffey atá ag múineadh an modúil CFRT, agus lena cuid páistí i rang a cúig, mar aon le múinteoirí ranga eile Stephanie Ní Hoileabard and Laoise Nic an Rí, agus leis an bpríomhoide Orla Ní Chuinneagáin.

Teangacha a chomhtháthú trasna an churaclaim

I nGaelscoil de hÍde, is uirlisí cumarsáide agus foghlama iad teangacha, seachas ábhair aonair. Sa chur chuige seo, tógar ar litearthacht, ar thras-scileanna agus ar fheacht chultúrtha, rud a léiríonn gur féidir teangacha a chomhtháthú, gan iad a bheith ina 'n-ualach breis'.

Agus sinn ag breathnú ar rang Gearmáinise á mhúineadh ag Amy, ba léir an tslí ar féidir rang CFRT a chomhtháthú le hábhair eile, ag cur le litearthacht agus ag tógáil ar thras-scileanna, mar a dhéantar i scoileanna eile.

Mhínigh Amy, "tarlaíonn comhtháthú go nádúrtha i rith an lae scoile." I gcás





Languages
Connect